



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Iúil 2021
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0177(NLE)

11028/2/21
REV 2

PECHE 269
UK 183

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/1919, (AE) 2021/91 agus (AE) 2021/92 a mhéid a bhaineann le deiseanna áirithe iascaireachta le haghaidh 2021 in uiscí an Aontais agus in uiscí nach uiscí de chuid an Aontais iad • Ráitis atá le cur san áireamh san achoimre ar ghníomhartha a glacadh tríd an nós imeachta i scríbhinn mar ráitis atá le cur isteach i miontuairiscí na Comhairle

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na ráitis atá le cur san achoimre ar ghníomhartha a glacadh tríd an nós imeachta i scríbhinn mar ráitis atá le cur isteach i miontuairiscí na Comhairle.

RÁITIS

Ráiteas ón mBeilg, ón Danmhairg, ón bhFrainc, ón nGearmáin, ón Ísiltír agus ón tSualainn maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus Airteagail 3 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 le haghaidh COD/03AN, COD/2A3AX4, COD/07D agus PRA/03A in 2021

Ós rud é go bhfuil bithmhais na stoc COD/03AN, COD/2A3AX4 agus COD/07D faoi bhun B_{lim} agus go bhfuil bithmhais stoc PRA/03A faoi bhun $B_{trigger}$ agus chun a áirithiú go ndéanfar na stoic a aisghabháil i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2018/973 agus (AE) 2019/472, geallann an Bheilg, an Danmhairg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ísiltír agus an tSualainn nach n-úsáidfídh siad an tsolúbthacht idirbhliantúil faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus faoi Airteagail 3 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 maidir leis na stoic sin in 2021. Is freagairt ar na himthosca eisceachtúla atá ann faoi láthair do na stoic sin an gealltanas siúd.

Dréachtráiteas ón gComhairle

Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún obair leantach a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach asbhaintí TAC arna ndéanamh ag an Ríocht Aontaithe i gcomhthéacs na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír, agus an Chomhairle a chur ar an eolas faoin 1 Deireadh Fómhair 2021 ar a dhéanaí faoi chur i bhfeidhm na modheolaíochta a úsáideann an Ríocht Aontaithe, agus faoi na hasbhaintí beachta a rinneadh i stoc. Mura féidir faisnéis leordhóthanach faoi sin a chur ar fáil faoin dáta sin, pléifídh an Chomhairle a bhfuil le déanamh.